An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 16 Nollaig 2021**
**(OR. en)**

**EUCO 22/21**

**CO EUR 19**
**CONCL 6**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (16 Nollaig 2021)<br>– Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

## I. COVID-19

### *Vacsaíniú*

1. Thug an Chomhairle Eorpach aghaidh ar an staid eipidéimeolaíoch san Aontas, staid atá ag dul in olcas, agus ar an tionchar a bheidh ag Omicron, athraitheach nua ar cúis imní é atá i ndiaidh teacht chun cinn. Athdhearbhaíonn sí a ríthábhachtaí atá an vacsaíniú agus an phaindéim á comhrac againn. Tá sé fíorthábhachtach agus práinneach an vacsaíniú a chur ar fáil do chách agus teanndáileoga a imscaradh. Sa chomhthéacs sin, is den ríthábhacht é an drogall roimh an vacsaíniú a shárú, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar an mbréagaisnéis. I dteannta leis an vacsaíniú, ba cheart cur chun feidhme straitéis an Aontais maidir le teiripicí COVID-19, lena n-áirítear an soláthar comhpháirteach, a thabhairt chun cinn.

### *Comhordú*

2. Ní mór iarrachtaí leanúnacha comhordaithe a dhéanamh, bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil, chun freagairt ar a bhfuil ag tarlú, agus ag an am céanna a áirithiú gur bunaithe ar chritéir oibiachtúla a bheidh aon srianta agus nach mbainfidh siad an bonn ó fheidhmiú an Mhargaidh Aonair ná nach gcuirfidh siad bac díréireach ar an tsaorghluaiseacht idir na Ballstáit nó ar an taisteal isteach san Aontas. Iarrann an Chomhairle Eorpach go nglacfaí go pras an moladh athbhreithnithe ón gComhairle maidir le saorghluaiseacht shábháilte agus an moladh athbhreithnithe ón gComhairle maidir le taisteal neamhriachtanach isteach san Aontas. Cuireann an Chomhairle Eorpach i bhfios go láidir a thábhachtaí atá cur chuige comhordaithe maidir le bailíocht dheimhniú vacsaínithe digiteach COVID an Aontais agus tugann sí dá haire go nglacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe maidir leis an tsaincheist seo.

### *An comhar idirnáisiúnta*

3. Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis nach bhfaighfear an lámh in uachtar ar an bpaindéim ach tríd an gcomhar domhanda, comhar a bheidh bunaithe ar an muinín agus ar an gcúnamh frithpháirteach. Sa chomhthéacs sin, molann sí an Bhotsuáin agus an Afraic Theas as an airdeall agus an trédhearcacht a léirigh siad chun an t-athraitheach is déanaí ar cúis imní é – Omicron – a bhrath, a sheicheamhú agus a thuairisciú chomh gasta sin, agus cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé an acmhainneacht dhomhanda a uas-scálú i ndáil leis an seicheamhú géanómaíoch.

4. Tá gealltanas tugtha ag an Aontas go ndéanfaidh sé a chion féin chun an vacsaíniú domhanda a bhaint amach. Is é an tAontas an deontóir agus an t-easpórtálaí is mó ar domhan. Leanfaimid de bheith ag easpórtáil agus ag comhroinnt dáileog vacsaíne agus ábhar coimhdeach, agus cuirfimid dlús lenár dtacaíocht do na tíortha is mó gátar, san Afraic go háirithe, trí leanúint de thacaíocht a thabhairt do COVAX agus, lena chois sin, go déthaobhach, i gcomhar lenár gcomhpháirtithe.

5. Chun aghaidh a thabhairt ar na scrogaill a thagann salach ar chomhroinnt agus ar thabhairt na vacsaíní, agus chun deireadh a chur go gasta leis na bacainní atá ag cur isteach ar leathadh amach na vacsaíní ar fud an domhain, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún an tacaíocht do na Ballstáit agus do thríú tíortha a fheabhsú a thuilleadh, rannpháirtíocht le monaróirí a mhéadú, agus comhordú leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, COVAX agus le comhpháirtithe eile, a neartú. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle a fhaire, ar bhealach lán-trédhearcach, go ndéanfar na gealltanais vacsaíní a chomhlíonadh. Pléifidh sí an t-ábhar sin arís de réir mar is iomchuí.

6. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an comhaontú ar ar tháinig an Comhthionól Domhanda Sláinte an 1 Nollaig 2021 maidir le tús a chur le próiseas domhanda chun coinbhinsiún, comhaontú nó ionstraim idirnáisiúnta eile a dhréachtú maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt i ndáil le paindéimí, agus é d'fhonn orthu an comhaontú sin a ghlacadh faoi Airteagal 19, nó faoi fhorálacha eile de chuid Bhunreacht na hEagraíochta Domhanda Sláinte, de réir mar a mheasfaidh an comhlacht caibidlíochta idir-rialtasach sin a bheith iomchuí.

## II. BAINISTIÚ GÉARCHÉIME AGUS ATHLÉIMNEACHT

7. Bhreithnigh an Chomhairle Eorpach an obair atá á déanamh chun feabhas a chur ar ár n-ullmhacht chomhchoiteann, ar ár gcumas freagartha agus ar ár n-athléimneacht i dtaca le géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo, ar tosaíocht mhór pholaitiúil chothrománach ag an Aontas í.

8. Is díol sásaimh di na Conclúidí ón gComhairle an 23 Samhain 2021 agus iarrann sí go ndéanfaí an méid seo a leanas:

   – freagairt agus ullmhacht an Aontais i gcás géarchéime a neartú trí bhíthin cur chuige uile-ghuaise;

   – an athléimneacht a fhothú agus a fhaireachán agus aghaidh a thabhairt ar réimsí ina bhfuilimid gan chosaint.

9. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle leanúint dá cuid oibre agus an dul chun cinn a athbhreithniú go rialta.

## III. <u>SLÁNDÁIL AGUS COSAINT</u>

10. Tá an tAontas tiomanta don ord domhanda idirnáisiúnta riailbhunaithe, agus na Náisiúin Aontaithe ina chroílár, agus do neartú an chomhair le comhpháirtithe ar fud an domhain ionas aghaidh a thabhairt i dteannta a chéile ar bhagairtí agus ar dhúshláin chomhchoiteanna.

11. I bhfianaise na héagobhsaíochta méadaithe domhanda, an iomaíochais straitéisigh mhéadaithigh, agus bagairtí slándála casta, tabharfaidh an tAontas níos mó de fhreagracht a shlándála féin agus i réimse na cosanta air féin, leanfaidh sé cúrsa gníomhaíochta straitéiseach agus cuirfidh sé lena chumas gníomhú go neamhspleách. Cuirfidh an tAontas a chuid leasanna agus luachanna chun cinn, treiseoidh sé a athléimneacht agus a ullmhacht i dtaca le bagairtí agus dúshláin slándála a ghleic go héifeachtach agus leanfaidh sé de bheith ag cur na síochána agus na slándála chun cinn.

12. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle an obair maidir le compás straitéiseach uaillmhianach inghníomhaithe a thabhairt chun cinn, bunaithe ar an gcéad dréacht a chuir an tArdionadaí i láthair i mí na Samhna 2021, ina leagtar amach fís choiteann straitéiseach in imeacht na ndeich mbliana atá romhainn agus lena mbainfear an leas is fearr as bosca uirlisí iomlán an Aontais, lena n-áirítear beartais, uirlisí agus ionstraimí sibhialtacha agus míleata. Faoi chuimsiú an chreata sin, tá an Chomhairle Eorpach ag súil le tíolacadh an treochláir teicneolaíochta a iarradh i mí Feabhra 2021 agus iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí pé moltaí breise atá riachtanach a dhéanamh, lena n-áirítear moltaí i dtaca leis an tslándáil sa spás, an cibear-réimse, agus an comhrac i gcoinne bagairtí hibrideacha.

13. Tá an tAontas tiomanta don dlúthchomhar le ECAT, agus na prionsabail a leagtar amach sna Conarthaí, mar aon leo siúd a chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach, á n-urramú ina n-iomláine, lena n-áirítear an chuimsitheacht, an chómhalartacht, agus uathriail chinnteoireachta an Aontais. Tá an caidreamh trasatlantach agus an comhar idir an tAontas agus ECAT ríthábhachtach dár tslándáil fhoriomlán. Ach Aontas níos láidre agus níos cumasaí a bheith ann i réimse na slándála agus na cosanta, cuirfear leis an tslándáil dhomhanda agus thrasatlantach, agus comhlánófar ECAT, arb é i gcónaí é, ag na Stáit sin atá ina gcomhaltaí de, bunchloch a gcosanta comhchoitinne. Tacaíonn an Chomhairle Eorpach le neartú na comhpháirtíochta straitéisí idir an tAontas agus ECAT agus tá sí ag súil leis an tríú dearbhú comhpháirteach maidir leis an gcomhar idir an tAontas agus ECAT. Ba cheart é a ullmhú ar bhealach cuimsitheach agus aghaidh a thabhairt ann ar bhagairtí agus ar dhúshláin nua agus a áireamh ann mar réimsí don chomhar feabhsaithe, an athléimneacht, cibearbhagairtí agus bagairtí hibrideacha, an t-athrú aeráide agus an tslándáil, an spás, teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, agus teicneolaíochtaí suaiteacha.

14. Pléifidh an Chomhairle Eorpach cúrsaí slándála agus cosanta arís, ag an gcruinniú a bheidh aici i mí an Mhárta 2022, tráth a iarrfar uirthi an Compás Straitéiseach a fhormhuiniú.

## IV. <u>GNÉITHE SEACHTRACHA NA hIMIRCE</u>

15. Rinne an Chomhairle Eorpach measúnú ar chur chun feidhme na gconclúidí a ghlac sí an 24-25 Meitheamh 2021 agus an 21-22 Deireadh Fómhair 2021. Meabhraítear di a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar na bealaí imirce uile trí bhíthin cur chuige cuimsitheach an bhealaigh iomláin.

16. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún, ar an Ardionadaí agus ar na Ballstáit, a áirithiú go mbeidh na pleananna gníomhaíochta a rinneadh le déanaí do thíortha tionscnaimh agus idirthurais oibríochtúil agus go gcuirfear chun feidhme iad gan tuilleadh moille, i gcomhar leis na tíortha comhpháirtíochta. I ndáil leis an méid sin, tathantaíonn sí ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar maoiniú leordhóthanach a shainaithint go soiléir agus a shlógadh gan mhoill do ghníomhartha imirceghaolmhara feadh na mbealaí imirce uile, i gcomhréir le huaillmhian mhéadaithe an Aontais.

17. Aithníonn an Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá sé go mbeadh beartas um fhilleadh níos aontaithe ag an Aontas agus iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí, i dteannta na mBallstát, gníomhú go pras chun filleadh éifeachtach a áirithiú ón Aontas chuig na tíortha tionscnaimh trí bheartais, ionstraimí agus uirlisí an Aontais, lena n-áirítear an fhorbairt, an trádáil agus víosaí, a úsáid mar ghiaráil chun chur chun feidhme iomlán na gcomhaontuithe agus na socruithe um athligean isteach atá ann cheana a áirithiú, agus chun comhaontuithe agus socruithe nua a thabhairt i gcrích, agus iarrann sí orthu tuairisciú ina leith sin don Chomhairle.

18. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go gcáineann sí na hiarrachtaí atá ar bun ag tríú tíortha imircigh a úsáid mar uirlis chun críoch polaitiúil. Cuireann sí i bhfios go láidir nach mór uirlisí a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar ionstraimiú na himirce. Iarrann sí go ndéanfaí obair ghasta ar an togra maidir le bearta i gcoinne oibreoirí iompair a éascaíonn nó a bhíonn páirteach i ngáinneáil ar dhaoine nó i smuigleáil imirceach i gcomhthéacs daoine a bheith ag teacht isteach go neamhdhleathach ar chríoch an Aontais Eorpaigh.

19. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí socruithe comhair a neartú chun tacú leis na Ballstáit sin a bhfuil dúshláin shonracha rompu ag teorainneacha seachtracha an Aontais, lena n-áirítear i ndáil le gardaí teorainneacha agus an faireachas aeir.

20. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle, faoi stiúir a hUachtaránachta, dlúthfhaireachán a dhéanamh féachaint go ndéanfaí beartas imirce seachtrach an Aontais a chur chun feidhme go gasta éifeachtach, agus tuilleadh spreagtha a thabhairt de réir mar is gá. Pléifidh an Chomhairle Eorpach an t-ábhar sin arís.

## V. AN CAIDREAMH SEACHTRACH

### *An Bhealarúis*

21. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir an chaoi ar úsáid réimeas na Bealarúise na himircigh agus na dídeanaithe mar uirlis agus an ghéarchéim dhaonnúil a cruthaíodh dá bharr. Leanfaidh an tAontas den ionsaí hibrideach a sheol an Bhealarúis a fhreagairt ar bhealach diongbháilte, agus tabharfaidh sé aghaidh ar gach gné den ghéarchéim i gcomhréir le dlí an Aontais agus lena oibleagáidí idirnáisiúnta, lena n-áirítear na cearta bunúsacha. Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis a thábhachtaí atá an méid seo a leanas:

    – teorainneacha seachtracha an Aontais a chosaint go héifeachtach, lena n-áirítear trí chreat dlíthiúil an Aontais a neartú. I ndáil leis sin, iarrann sí ar an gComhairle an togra ón gCoimisiún maidir le bearta sealadacha éigeandála a scrúdú;
    – an smuigleáil daoine agus an gháinneáil ar dhaoine a chomhrac;
    – bearta sriantacha a chur chun feidhme go pras, tar éis an cúigiú pacáiste liostuithe a ghlacadh, agus a bheith réidh chun bearta breise a ghlacadh de réir mar is gá;
    – rochtain gan bhac a áirithiú d'eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Bhealarúis agus dlús a chur leis an tacaíocht dhaonnúil;
    – tacú le filleadh imirceach as an mBealarúis.

22. Iarrann an Chomhairle Eorpach an athuair go saorfaí láithreach agus gan choinníoll gach príosúnach polaitiúil agus go gcuirfí deireadh leis an gcur faoi chois atá á imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar na meáin neamhspleácha. Athdhearbhaíonn sí ceart daonlathach mhuintir na Bealarúise a n-uachtarán féin a thoghadh trí thoghchán eile, a bheidh saor, cothrom.

***An Úcráin***

23. Cuireann an Chomhairle Eorpach i bhfios go láidir a phráinní atá sé go mbainfeadh an Rúis an lasair den teannas atá ann de bharr an tóstail mhíleata feadh theorainn na Rúise leis an Úcráin agus de bharr na reitrice ionsaithí. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go dtacaíonn sí go hiomlán le ceannasacht agus le hiomláine chríochach na hÚcráine. Beidh iarmhairtí ollmhóra agus costas trom ann mar fhreagairt ar aon ghreas míleata eile a dhéanfar i gcoinne na hÚcráine, lena n-áirítear bearta sriantacha arna gcomhordú lenar gcomhpháirtithe.

24. Molann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí iarrachtaí taidhleoireachta agus tacaíonn sí le formáid na Normainne mar bhealach chun cur chun feidhme iomlán Chomhaontuithe Mhionsc a bhaint amach.

***Comharsanacht an Deiscirt***

25. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil rún daingean aici comhpháirtíocht an Aontais le Comharsanacht an Deiscirt a athnuachan agus a neartú chun go mbeifear in ann dul i ngleic le dúshláin chomhchoiteanna agus leas a bhaint as deiseanna comhchoitinne tríd an gcomhar neartaithe. Chuige sin, iarrann sí ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún dlús a chur leis an obair atá ar siúl ar an gClár Oibre nua do Réigiún na Meánmhara.

***An Cruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach***

26. Phléigh an Chomhairle Eorpach na hullmhúcháin don Chruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach a bheidh ar siúl an 17-18 Feabhra 2022 agus na téamaí agus torthaí insoláthartha a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Tá sé d'aidhm ag an gcruinniú mullaigh sin Comhghuaillíocht uaillmhianach réamhbhreathnaitheach a bhunú leis an Afraic, lena mbeifear in ann limistéar rathúnais agus cobhsaíochta a fhorbairt a mbeidh pacáiste infheistíochta claochlaitheach mar bhonn leis.

***An Aetóip***

27. Tá súil ghéar i gcónaí ag an gComhairle Eorpach ar an staid san Aetóip agus tacaíonn sí go hiomlán le hiarrachtaí idirghabhála Ardionadaí an Aontais Afracaigh, Olusegun Obasanjo. Iarrann an tAontas go gcuirfí sos cogaidh neamhchoinníollach ar bun agus tathantaíonn sé ar gach páirtí páirt a ghlacadh in idirphlé náisiúnta a bheidh cuimsitheach trédhearcach. Is príomhthosaíochtaí aige i gcónaí cosaint na sibhialtach a áirithiú agus rochtain dhaonnúil gan bhac a chur ar fáil.